Rún gan rat do teanga gan dóiġ

Caint amaideaċ ag comḋáil náisiúnta

D'aisteaċ ar fad an rud adúraḋ ag cruinniú na múinteoirí i nGaillim. Agus an rud ar glacaḋ leis le bóta cé gur fíor beag an breis a bí ann.

Is amlaiḋ gur iarr múinteoirí as Condae an Ċláir, naċ bfuil cliú ró ṁór air de tairbe Gaelge, nó cúrsaí atbeoċána, go ndéanfaí ar siúl leis na h-aṫraiṫe a ṫig ar focla insan teanga Ġaeilge agus go mbeaḋ na focla go léir mar a ċéile.

Is dóiġe nar canaḋ ariaṁ a leiṫéid de ráiméis ag aon ċruinniú, agus is dóiġe nár ġlac mórán de ċruinniú de ḋaoine tuiscionaċa ar biṫ lena leiṫéid de rún ariaṁ roiṁe.

Níl mórán inḟilleaḋ fáġta sa Béarla anois, taréis aṫraiṫe na gcéadta bliain, aċ mar sin féin. Dá ndéantaí ar siúl le inḟilleaḋ mar a d'iarr an rún amaideaċ seo, ní aiṫneoḟeaḋ duine ar biṫ Béarla, agus beaḋ gnáċ Béarlóirí ar feaḋ na mbliana, ag iarraiḋ an teanga nua a beaḋ acu a ċleaċtaḋ, rud a beaḋ i bfad níos deacra acu ná mar a beaḋ sé ag foġlaimeoir an inḟilleaḋ atá fáġta a ḟoġlaim agus a ċleaċtaḋ.

B'aisteaċ ar fad an saġas teanga a beaḋ ann, dá m'féidir teanga a beiṫ ann. Gan aoṅ inḟilleaḋ ar na focla, aċ na focla mar a ċéile ar fad. N'feadar ar smaoiniġ an té a ṁol an rún nó na daoine a botáil ar son an rúin, ar cad a bí i gceist acu in aon ċor. Déanaṁ ar siúl le gramadaċ agus infilleaḋ na Gaeilge nó an amlaiḋ gur slí eile é leis an Ġaeilge a brú as casán ar fad? Más ea, an bfuil seans ar biṫ, nó baol ar biṫ go nglacfaiḋ Roinn an Oideaċais leis? B'féidir go mbeaḋ anuraiḋ, aċ tá ceann úr ar Roinn an Oideaċais san am i láṫair. B'féidir gur maiṫ an rud go bfuil.

Ṫug páipéar Béarla aṁáin cuntas mór fada ar an rún seo, agus an dóiġe a gcaiṫfí deireaḋ ar fad a ċur le gaċ uile inḟilleaḋ insan tsean Ġaeilge. Agus le taispeáint ċoṁ maiṫ agus a ṫuig siad cad a bí dá rá acu. Ċuir siad isteaċ an focal "Gaeltaċt" san áit a raiḃ sé soiléir gur "Galltaċt" a bí i gceist, agus rinne siad seo faoi ḋó insan ċuntas a ċur siad síos air.

Gleannḃarr

I ngaċ baile ó Leiṫbearr anuas go Ros na Cille ċruinniġ na sluaiġte ag fearraḋ fáilte roiṁ an Aire Rialtais Áitiúil, an tUasal Ó Bléine, T.D., agus roiṁ a rúnaí pairliminte, an tUasal Ó Braonáin, T.D., ar a gcéad ċuairt go Fánaid indiaiḋ an olltoġċáin. Ċás líne fada gluaisteán ar an beirt agus rinne iad a ċomóraḋ isteaċ ionsair na bailte ar a mbealaċ anuas. Le ċois na ngluaisteán nuair a ṫuit an dorċadas bí mórsiúl faoi tairsí isteaċ ionsair na bailte fosta. Rinne an tUasal Ó Bléine agus a rúnaí pairliminte moill beag ins na bailte uiliġ agus ṫug siad buíoċas do na daoine a d'oibriġ go dian díċeallaċ sin le Fianna Fáil a ċuir i réim arís. Ar an ardán i Leitir Ceanainn le ċois an Aire agus an rúnaí bí an tUasal Ó Cuinneagáin, T.D., an tUasal Ó Braonáin, T.D., Aire Poist agus Telegrafa, agus an Seanadóir Mac Loinsiġ, ar an ardán. Labair siadsan fosta.

Is uair annaṁ a bíos a leiṫéid pléisiúrṫa againn i nGaeltaċt Ġleannḃarr as a bí againn oíċe De Luain seo ṫart nuair a ṫug Aisteoirí Oileáin Toraiġ cuairt ar an áit agus a léiriġ dúinn an dráma mór-ġrinn sin "D'réir na Rúibricí" le Eoġan Ó Tuairisc. Cead uair bain muid an pléisiúr as an dráma beag sin a léiriġ aisteoirí óga Ġleannḃarr. "Laeṫe Saoire an tSaṁraiḋ." Seo na h-aisteoirí agus an dráma a fuair an dara áit sa ċomórtas drámaíoċta ag an Ḟéile i Leitir Ceanainn cúpla mí ó ṡoin. An Maistir Scoile, an tUasal D. Mac Fionnġaile, a scríoḃ an dráma beag seo agus tá sé an oiriúnaċ do páistí scoile. Bí aisteoireaċt na bpáistí go han ṁaiṫ agus is mór an creidiúint don Ṁaistir Mac Fionnġaile an obair atá sé ag déanaṁ. I dtaca le Aisteoirí Toraiġ de is dóiliġ a rá go bfuil a sárú le fáil sa ċontae 'maċ as aisteoirí iomráiteaċa Gaot Dobair agus is mór an ċáil agus an ċliú atá tuillte ag an léiriṫeoir, an tAṫair Mac Suibne, C.C., Toraiġ, mar ġeall ar an dea-obair atá sé a déanaṁ. B'furas a feiceáil gur saoṫruiġ sé go díograiseaċ duṫraċtaċ san traenáil a ṫug sé do na haisteoirí. Bí slioċt a ċuid traenála orṫu. Seo iad na haisteoirí a bí páirteaċ sa dráma: An Sagart Paróiste — Éamon Mac Ruairí; an t-Iar Maistir Scoile — Pádraig Mac Ginti; an Maistir Óg — Pádraig Mac Ruairí; an Mac Léinn—Séamas Mac Ruairí: An Cailín as Ocsford — Eiseabal Ní Ġallċobair; an Tiománaí Gluaistín—Séamas Ó Dubgáin; Cailín an Poist—Máiréad Bean Uí Ċearbaill; an Cailín Aimsire—Nuala Ní Ṁiannáin. Le ċois an dráma bí aṁráin againn ó Éamon Mac Ruairí agus Séamas Ó Dubgáin, daṁsaí ó Séamas Ó Dubgáin ⁊ ceol ar an pianó-accordín ó Pól Mac Ruairí agus Éamon Mac Ruairí. B'furust a ṫuigbeáil ar an scaifte a bí againn as Toraiġ go bfuil an ċlisteaċt agus an intleaċt le fáil san áit a bfuil an Ġaeilge an cultúr na nGael beo bríoṁar mar atá in Oileán Ṫoraiġ.

Taoide barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
8-5-65	——	12.37	11.54	——	10.23	23.05
9	1.01	13.56	0.18	13.13	11.41	——
10	2.18	15.10	1.35	14.27	0.28	13.01
11	3.28	16.11	2.45	15.28	1.44	14.09
12	4.27	17.03	3.44	16.20	2.43	15.04
13	5.18	17.46	4.35	17.03	3.33	15.51
14	6.02	18.26	5.19	17.43	4.18	16.35

Craoḃ na hÉireann don Spidéal

Duais dráma aongníṁ do Cloiċeannaola

Torṫaí Féile Drámaíoċta an Oireaċtas

D'éiriġ go maiṫ le Féile Drámaíoċta an Oireaċtais i Halla Damer an tseaċtain seo caite agus bí sluaite réasúnta i láṫair go hairid do ḋrámaí ó'n nGaeltaċt.

Gnoṫaiġ Cumann Drámaíoċta an Spidéal príoṁ ḋuais na Féile £40 agus Sciaṫ Mic Aongusa don dráma lán fad a b'fearr.

Fuair Cumann Drámaíoċta Cloiċeannaola an cead duais i Roinn na nDrámaí Aongním.

D'fógraiġ Rúnaí Roinn na Gaeltaċta, an tUasal Toibín go mbeaḋ Roinn na Gaeltaċta ag tabairt deontas £8,500 don Ċomairle Drámaíoċta i mbliana.

Tairgeaḋ connraḋ do léiriú seaċtaine den duais dráma "An Stráinséar Dub" san Damer do Ċumann Drámaíoċta an Spidéil.

Liam Uas Tóibín, Rúnaí, Roinn na Galetachta, ag gníomhú thar ceann Phádraig Uas. Uí Fhachtna Rúnaí Parlaiminte Roinn na Gaeltachta, a bhronn na duaiseanna i Halla Damer, Blea Cliath.

Thar ceann Ghael-Linn, thug Riobard Uas. Mac Gabhráin, Rúnaí, Ghael-Linn, cuireadh do Chumann Drámaíochta an Spidéil léiriú seachtaine den "Strainséar Dubh" a thabhairt go luaith i Halla Damer.

Ag bronnadh na nduaiseanna dó dúirt an t-Uas. Tóibín:

"Is léir óna raibh ar siúl anseo le seachtain anuas go bhfuil an t-ionad is dual di á thabhairt ag Coiste an Oireachtais don drámaíocht Ghaeilge, agus go dtuigeann siad a thábhachtaí is atá sí, ní amháin ó thaobh an chultúir de, ach ó thaobh athbheochan na Gaeilge i gcoitinne.

"Cé gur beag duine againn a réarfadh go bhfuil forbairt mar ba mhaith linn tagtha faoi ghluaiseacht na drámaíochta Gaeilge go fóill, measaim nach coir d'éinne géilleadh don lag-mhisneach agus nach miste dúinn a bheith mórálach as a bhfuil déanta go dtí seo.

Caiġdeán ard

"Scríobhadh agus léiríodh drámaí Gaeilge le tamall de bhlianta anuas" ar sise, "atá ar chaighdeán chomh hárd le rud ar bith dá samhail a cuireadh ar fáil in aon teanga eile. Ní gá dom ach 'An Giall' agus 'An Triail' a lua chun go dtuigfear cad tá i gceist agam.

'GLÉAS IONTACH'

"Gléas iontach í an drámaíocht," arsa an tUas. Tóibín, "chun an Ghaeilge bheo a thabhairt i láthair phoball nach bhfuil taithí acu go fóill ar an nGaeilge a chloisteáil á labhairt go coitianta thart orthu: agus is fearrde mar ghléas í go mbíonn sí in ann dul i bhfeidhm ar chomhluadar mór daoine i dteannta a chéile.

Na príoṁ Ġaeltaċta

"Tá gné amháin den fhéile seo i mbliana nach miste tagairt ar leith a dhéanamh di: is í sin foirne as cuid de na háiteanna is mó tábhacht sa tír, ó thaobh na hathbheochana de, a bheith páirteach sna comórtais. Chonacthas foirne anseo ó na príomh-Ghaeltachtaí, ón bpriomhchathair, ó Bhéal Feirste, ó Dhoire, ó Luimneach agus ón Muileann Cearr. Ina theannta sin, tháinig foireann amháin chugainn ó Londain.

Deontas £8.500

Lean an Rúnaí leis: "Is ábhar áthais dom a bheith in ann a fhógairt anseo anocht go bhfuil socair anois deontas a chur ar fáil don Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta as Vóta Roinn na Gaeltachta lena chur ar a gcumas tabhairt faoi na cuspóirí sin uile a chur i gcrich. Deontas suas go dti £8,500 a bheidh ann i mbliana."

Torṫaí

Is iad seo leanas na torthaí :—

Dráma Ilghníomh (Oscailte)—Cead duas (£40 agus Sciath Mhuintir Mhic Aonghusa): Cumann Drámaíochta an Spidéil (léiritheoir, Pádraic Ó Neachtain) "An Strainséar Dubh"; dara duais (£20)—Craobh Sheáin Uí Dhubhláin de Chonradh na Gaeilge, Doire (léiritheoir, an tAth. P. Ó Flaithearta), "An Strainséar Dubh."

Dráma Einghnimh (Oscailte)—Craobh na hEireann (Corn Smidic): Buíon Phádraig, Luimneach (léiritheoir, Seán Ó Morónaigh), "Cuig Pesos ar an nDomhnach."

Dráma Einghnimh (bailte os cionn 8,000 léon pobail): Céad duais, Buíon Phádraig, Luimneach; dara duais: Craobh an Chéitinnigh, Baile Átra Cliath (léiritheoir, Sinéad Cól), "An Lasair Choille."

Dráma Einghnimh (bailte faoi bhun 8,000 léon pobail): Céad duais, Aisteoire Dhrom Collachair, Co. Luimnigh (léiritheoir, Diarmaid Ó Maoláin), "Súgán Sneachta"; dara duais: Craobh Uí Ghramhna de Chonnradh na Gaeilge, an Muileann Cearr (léiritheoir, Seán de Búrca), "Céad Feadh Sios."

Dráma Einghnimh (Gaeltacht)—Céad duais, Cumann Chloich Cheannfaolaidh, Gort a' Choirce, Tír Chonaill (léiritheoir, Caoimhín Ó Conluain), "Na Póitseáraí"; dara duais: Cumann Drámaíochta an Spidéil (léiritheoir, Tadhg Ó Cuirrín), "An Páidín Mangaire."

NA hAIRI NUA

Seosamh O Braonain (Post agus Telegrafa)

Niall T. O Bleine (Rialtais agus Aitiuil)

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhnaladh.

Cé'n fáṫ ar haistríoḋ ainmneaċa go Béarla

Míniú gan substaint ó'n Luċt Oibre i nGaillim

Tá mórán cainte ar siúl i nGaillim agus fríd Ġaeltaċt Ċonamara, faoi cúrsaí Gaeilge insan toġċán.

Ṫosaiġ an ċaint, de bárr rud a ḋein Páirtí an Luċt Oibre, nuair a ċuir siad Béarla ar ainmneaċa agus seolta cuid ṁór Gaeilgeoirí fríd an Ġaeltaċt. A raiḃ a n-ainmneaċa cláraiṫe acu i nGaeilge.

D'aistriġ oibríṫe an Páirtí Oibreaċais iad seo, agus ċuir siad amaċ as Béarla iad. Bí cuid de na bótóirí ana ṁí-ṡásta leis seo, agus deirtear gur aṫraiġ cuid acu a gcuid bótaí a beaḋ ag botáil don Luċt Oibre maraċ sin.

Deir páirtí an Luċt Oibre gur lena ḋéanaṁ níos aisiúla do na fir poist a rinne siad seo. Aċ, is aisteaċ an rud má ceapaḋ fir poist gan Ġaeilge insan Ġaeltaċt.

Deir Páirtí an Luċt Oibre go raiḃ duilleóga i nGaeilge acu do Ġaeltaċt na Gaillime, agus ċoṁ maiṫ leis sin, go raiḃ ráiteas ag Míċeál Mac Gabann, ar ċúl Ġaeilge.